2. I gcás go dtabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais freagra diúltach ar an gcéad cheist:

   An gcaithfear Airteagal 4(3), arna léamh in éineacht le hAirteagal 2(j), de Rialachán Uimh. 261/2004 a léiriú sa chaoi go bhféadfadh an t-aeriompróir conarthach, a chuir comhaontú códroinnte i gcrích leis an aeriompróir oibríochta maidir leis an eitilt, an diúltú bórdála in ainneoin thoil an phaisinéara a chur in iúl don phaisinéir freisin chun aimhleas an aeriompróra oibríochta?

(1) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO 2004 L 46, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Verwaltungsgericht Köln (an Ghearmáin) a taisceadh an 2 Meán Fómhair 2022 – Die Länderbahn GmbH DLB agus páirtithe eile v Poblacht Chónaidhme na Gearmáine**

**(Cás C-582/22)**

(2022/C 441/23)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgericht Köln

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratsóirí:* Die Länderbahn GmbH DLB, Prignitzer Eisenbahn GmbH, Ostdeutsche Eisenbahn, Ostseeland Verkehrs GmbH

*Cosantóir:* Poblacht Chónaidhme na Gearmáine

*Páirtí eile sna himeachtaí:* DB Netz AG

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 56(1), (6) agus (9) de Threoir 2012/34/AE (1) a léiriú sa chaoi gur féidir le scéim muirearaithe a bheith ina hábhar de ghearán freisin i gcás ina bhfuil an tréimhse bhailíochta don mhuirear atá faoi scrúdú tar éis dul in éag cheana (gearán faoi iarmhuirear)?

2. Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 1: An gcaithfear Airteagal 56(1), (6) agus (9) de Threoir 2012/34 a léiriú sa chaoi gur féidir leis an údarás rialála, le linn athbhreithniú *ex post* ar iarmhuirir, a dhearbhú go bhfuil siad neamhbhailí le héifeacht *ex tunc*?

3. Más freagraí dearfacha a thabharfar ar Cheist 1 agus ar Cheist 2: Agus Airteagal 56(1), (6) agus (9) de Threoir 2012/34 á léiriú, an gceadaítear reachtaíocht náisiúnta lena n-eisiatar an deis chun athbhreithniú *ex post* le héifeacht *ex tunc* a dhéanamh ar iarmhuirir?

4. Más freagraí dearfacha a thabharfar ar Cheist 1 agus ar Cheist 2: An gcaithfear Airteagal 56(9) de Threoir 2012/34 a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear i mbearta leighis an údaráis rialála inniúil dá bhforáiltear ann, ó thaobh na n-iarmhairtí dlí de, i bprionsabal, an deis a ordú don bhainisteoir bonneagair muirir a gearradh go mídhleathach a aisíoc, cé go bhféadfaí éilimh ar aisíocaíochtaí idir na gnóthais iarnróid agus an bainisteoir bonneagair a fhorfheidhmiú trí bhíthin imeachtaí sibhialta?

5. Más freagraí diúltacha a thabharfar ar Cheist 1 agus ar Cheist 2: An bhfuil ceart ann ar aon chaoi chun gearán maidir le hiarmhuirir a dhéanamh faoin gcéad mhír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) más rud é go n-eisiatar, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais i gCás C-489/15 ([2]) (breithiúnas an 9 Samhain 2017), i gcás nach bhfuil cinneadh ón údarás rialála faoin ngearán, aisíocaíocht d'iarmhuirir mhídhleathacha faoi rialacha an dlí sibhialta náisiúnta?

([1]) Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar iarnróid Eorpach aonair (athmhúnlú) (IO 2012 L 343, lch. 32).

([2]) EU:C:2017:834, CTL Logistics.

## Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 5 Meán Fómhair 2022 – QM v Kiwi Tours GmbH

**(Cás C-584/22)**

(2022/C 441/24)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Bundesgerichtshof

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir agus achomharcóir:* QM

*Cosantóir agus freagróir:* Kiwi Tours GmbH

### Na ceisteanna a tharchuirtear

An gcaithfear Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2015/2302 ([1]) a léiriú

1. sa chaoi, chun a mheasúnú an bhfuil údar le foirceannadh an chonartha [taistil], nach bhfuil ábhartha ach na cúinsí dosheachanta agus eisceachtúla a bhí ann cheana tráth an fhoirceanta, nó

2. sa chaoi go gcaithfear a chur san áireamh freisin cúinsí dosheachanta agus eisceachtúla a thagann chun cinn i ndiaidh an fhoirceanta, ach roimh thús beartaithe an turais?

([1]) Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO 2015 L 326, lch. 1).

## Achomharc arna thabhairt an 16 Meán Fómhair 2022 ag Carles Puigdemont i Casamajó agus Antoni Comín i Oliveres i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra Méadaithe) a tugadh an 6 Iúil 2022 i gCás T-388/19, Puigdemont i Casamajó agus Comín i Oliveres v an Pharlaimint

**(Cás C-600/22 P)**

(2022/C 441/25)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Achomharcóir:* Carles Puigdemont i Casamajó agus Antoni Comín i Oliveres (ionadaithe: P. Bekaert, S. Bekaert, advocaten, agus G. Boye, abogado)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Parlaimint na hEorpa, Ríocht na Spáinne